Limistéir Athbhreithnithe BSG – Bunscoileanna

Limistéir Athbhreithnithe	Ráiteas
Soláthar Amchláir do Chorpoideachas (CO/PE)	Faigheann gach dalta íosmhéid d'aon uair a' chloig COam-chláraithe sa tseachtain
Plean CO Scoile	Tá plean CO cuimsitheach agus suas chun dáta ag an scoil
Curaclam CO Bunscoile	Leanann an scoil an Curaclam CO Bunscoile ag teagasc íosmhéid de 5 snáithe do gach aon rang gach uile bhliain
Am Lánroghnach	Baineann an scoil úsáid as am lánroghnach chun cur leis an chlár CO agus deiseanna breise gníomhaíocht coirp a sholáthar do na daltaí
Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim	Cuireann an scoil réimse gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil do dhaltaí ar bhonn an duine aonair agus foirne ins an scoil
Gníomhaíocht Choirp Chuimsitheach	Tá clár seach-churaclaim na scoile cuimsitheach. Déanann sé freastal ar éagsúlacht dhaltaí, iad siúd le riachtanais speisialta san áireamh.
Gníomhaíocht le linn amanna sosa	Glacann an scoil céimeanna chun cuidiú le gníomhaíocht choirp a chur chun cinn le linn amanna lóin agus sosa
Taisteal gníomhach chuig agus ó scoil	Spreagann an scoil daltaí chun siúl nó rothaíocht chuig an scoil, áit go bhfuil sé sábháilte a leithéid a dhéanamh
Ceann-Eagraíochtaí Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus an FSS	Tá cuidiú á lorg ag an scoil ó ghníomhaireachtaí seachtracha mar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, Choistí Náisiúnta Rialaithe agus an FSS chun cuidiú le gníomhaíocht choirp a chur chun cinn
Naisc leis an bPobal	Oibríonn an scoil le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn
'Seachtain Ghníomhaíochta Scoile'	Eagraíonn an scoil 'Seachtain Ghníomhaíochta Scoile' gach bliain
Guth Daltaí	Cinntíonn an scoil go mbíonn daltaí páirteach i bpróiseas cinnteoireachta maidir le soláthar agus cur chun cinn gníomhaíochta coirp
Ceiliúradh Scileanna agus Éachtaí Gníomhaíochta coirp	Tairgeann an scoil deis do dhaltaí a gcuid scileanna agus éachtaí coirp a cheiliúradh
Forbairt Ghairmiúil	Spreagann an scoil baill foirne chun freastal ar chúrsaí in-seirbhíse in earnálacha CO, gníomhaíochta coirp agus spóirt
Acmhainní	Tá dóthain trealaimh ag an scoil chun CO, gníomhaíocht choirp agus cláir spóirt uileghabhálacha a sholáthar do dhaltaí